

**TREOIR FAOI NA hACHTANNA UM PAIRTEACHAS LUCHT OIBRE  
(FIONTAIR STAÍT), 1977 AGUS 1988**

Bileog Mhíniúcháin ar príomh-fhorálacha na nAchtanna

**GUIDE TO THE WORKER PARTICIPATION (STATE ENTERPRISES)  
ACTS, 1977 AND 1988**

Explanatory Leaflet on the main provisions of the Acts

NA hACHTANNA UM PÁIRTEACHAS LUCHT  
OIBRE (FIONTAIR STÁIT), 1977 AGUS 1988

*Bileog Mhíniúcháin*

*Nota:* Tá sa bhileog seo tuairisc ghinearálta ar an reachtaíocht um páirteachas lucht oibre i bhfiontair stáit. Ní míniú dlíthiúil í. 'Sé a cuspóir ná gearrthuairisc ar phríomhfhóralacha na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) a chur ar fáil i bhfocail neamhdhlíthiúla.

Is féidir cóipeanna den bhileog seo a fháil ón Aonad Eolais, an Roinn Saothair, Bóthar Mespil, Baile Atha Cliath 4.

Is féidir cóipeanna den bhileog dar teideal "Guidelines for Employee Participation" a fháil ón Aonad Eolais freisin.

An Roinn Saothair  
Baile Atha Cliath 4.

WORKER PARTICIPATION (STATE  
ENTERPRISES) ACTS, 1977 AND 1988

*Explanatory Leaflet*

*Note:* This leaflet gives a general description of the legislation for worker participation in State enterprises and is not a legal interpretation. The purpose is to present in non-legal language an outline of the main provisions of the Worker Participation (State Enterprises) Acts.

Copies of this leaflet may be obtained from the Information Unit, Department of Labour, Mespil Road, Dublin 4.

Copies of a booklet entitled "Guidelines for Employee Participation" may also be obtained from the Information Unit.

An Roinn Saothair  
Department of Labour  
Dublin 4.

## CLÁR ÁBHAR

CUID I	<i>Réamhrá</i>
CUID II	<i>Páirteachas fobhoird</i>
<i>Mir-Uimhir</i>	
1	Fiontair a mbaineann páirteachas fobhoird leo
2	Oifigeach lomchuí
3	Socruithe páirteacha fobhoird
4	Cinntí ag an Oifigeach lomchuí
5	Comhaontú idir na páirtithe maidir le socruithe fobhoird
6	Tuarascáil Bhliantúil comhlachta sonraithe
7	Costas socruithe fobhoird
CUID III	<i>Páirteachas ag leibhéal boird</i>
<i>Mir-Uimhir</i>	
1	Fiontair a mbaineann páirteachas ag leibhéal boird leo.
2	Ceartha vótála
3	Liosta toghthóirí
4	An líon áiteanna sa bhord le haghaidh ionadaithe na bhfostaithe
5	Teideal chun seasamh mar iarrthóir

## CONTENTS

<i>Introduction</i>	PART I
<i>Sub-Board participation</i>	PART II
Enterprises covered by sub-board participation	<i>Paragraph Number</i> 1
Appropriate Officer	2
Sub-board participative arrangements	3
Decisions by the Appropriate Officer	4
Agreement between the parties on sub-board arrangements	5
Annual Report of specified body	6
Cost of sub-board arrangements	7
<i>Board level participation</i>	PART III
Enterprises covered for board level participation	<i>Paragraph Number</i> 1
Voting rights	2
List of electors	3
Number of board places for worker representatives	4
Eligibility to stand as a candidate	5

6	An chaoi le hiarrthóirí a ainmniú
7	An lá ainmniúcháin
8	Failli i socrú an lae ainmniúcháin
9	Socruithe vótála
10	Gan gá le vótáil i gcúinsi áirithe
11	Iarratas ar Réamhvótaíocht
12	Rialacháin maidir le toghcháin
13	Ceapachán chun an bhoird, téarma oifige, etc.
14	Corrfholúntais ar an mbord
15	An Ceann Comhairimh
16	Priomhdhualgais an Cheann Comhairimh
17	Fochomhlachta fiontair Stáit
18	Costas Toghchán

How candidates may be nominated	6
The Nomination Day	7
Failure to set Nomination Day	8
Voting arrangements	9
Voting not necessary in certain circumstances	10
Request for Preliminary Poll	11
Regulations about elections	12
Appointment to the board, term of office, etc.	13
Casual vacancies on the board	14
The Returning Officer	15
The main duties of the Returning Officer	16
Subsidiaries of State enterprises	17
Cost of elections	18

AGUISIN  
A

*Fiontair Pháirteachas Lucht Oibre*

An Chéad Sceideal: Codanna I agus II:  
Fiontair pháirteachas bord agus fobhord

Cuid III: Fiontair pháirteachas fobhord

AGUISIN  
B

*Leibhéil Ionadaíochta Lucht Oibre ar Bhord*

An Dara Sceideal: Cuid I:  
Fiontair a bhfuil aon-trián den Bhord ina  
n-ionadaithe den lucht oibre

Cuid II: Foráil chun ionadaíocht an lucht oibre  
a athrú faoi bhun an tsocrú aon-triain

AGUISIN  
C

*Na Reachtanna cui a bhaineann le stiúrthóirí,  
gnó boird, etc.*

AGUISIN  
D

*Scála ama toghcháin*

*Worker Participation Enterprises*

First Schedule: Parts I and II:  
Board and sub-board participation enterprises

Part III: Sub-board participation enterprises

*Level of Worker Representation on the Board*

Second Schedule: Part I:  
Enterprises with one-third worker rep-  
resentation on the board

Part II: Provision to vary worker representation  
below the one-third arrangements

*Relevant Statutes dealing with directors,  
board business, etc.*

*Election timescale*

APPENDIX  
A

APPENDIX  
B

APPENDIX  
C

APPENDIX  
D

## RÉAMHRÁ

Tá dhá chuspóir ag na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 1988

- (i) socrúithe páirteacha fobhoird a éascú i réimse leathan fiontar Stáit trí chomh-aontú idir leasanna fiontar agus fostaithe (tá liosta de na fiontair atá i gceist sa Chéad Sceideal, a bhfuil cóip de in Aguisín A).
- (ii) Ionadaíocht ag leibhéal boird a chur ar fáil d'oibríthe i bhfiontair áirithe trí fhostaithe, ón lucht oibre, a thoghadh chun a gceaptha ar na boird. (Tá liosta de na fiontair atá i gceist i gCodanna I agus II den Chéad Sceideal, a bhfuil cóip de in Aguisín A).

Taispeánann an Chéad Sceideal (Aguisín A) na fiontair a bhí i gceist nuair a ritheadh (Meitheamh 1988) an tAcht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1988. Tig leis an Aire Saothair, trí ordú, fiontair Stáit a chur leis nó a bhaint den liosta, ó am go ham, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire a bhfuil baint dhíreach aige le haon fhiontar Stáit atá i gceist ina leithéid d'athrú.

## INTRODUCTION

The purpose of the Worker Participation (State Enterprises) Acts, 1977 and 1988 is two-fold:

- (i) to facilitate the introduction of sub-board participative arrangements in a broad range of State enterprises by agreement between the enterprise and employee interests (the enterprises concerned are listed in the First Schedule which is reproduced at Appendix A).
- (ii) to provide board level representation of workers in certain enterprises through the election of employees from among the workforce for appointment to the boards (the enterprises concerned are listed in Parts I and II of the First Schedule which is reproduced at Appendix A).

The First Schedule (Appendix A) shows the enterprises covered at the time the Worker Participation (State Enterprises) Act, 1988 was passed (June, 1988). The Minister for Labour may by order add or delete State enterprises from time to time after consultation with the Minister for Finance and the Minister directly concerned with any State enterprise involved in such an amendment.

## CUID II

Fiontair a bhfuil baint acu leis na socruithe fobhoird

Oifigeach Iomchuí  
(Ailt 2 — Acht 1988)

Socruithe páirteacha fobhoird  
(Ailt 3 agus 4 — Acht 1988)

## PAIRTEACHAS FOBHOIRD

1. Tá na fiontair Stáit a bhfuil baint acu leis na forálacha um páirteachas fobhoird sa reachtaíocht luaite i gCodanna I, II agus III den Chéad Sceideal atá léirithe in Aguisín A.

2. Tá foráil sa Reachtaíocht chun "oifigeach iomchuí" a cheapadh i ngach fiontar Stáit ar a mbeidh de dhualgas nósanna imeachta, maidir le bunú socruithe páirteacha fobhoird, a chur ar siúl. Ní miste an t-oifigeach iomchuí a bheith ina Rúnaí don fhiontar, nó, mar mhalairt, tig le Rúnaí an fhiontair duine eile a cheapadh mar oifigeach iomchuí ar choinníoll go mbeidh tromlach na n-oibríthe sásta glacadh leis an duine deireanach sin. Chomh maith leis sin, tig leis an oifigeach iomchuí údarás a thabhairt d'aon duine feidhmeanna an oifigigh iomchuí a chomhlíonadh thar a cheann.

3. Tá dhá shli ann chun tús a chur le socruithe páirteacha fobhoird. Sli amháin is ea iarratas a theacht ó cheardchumann nó ó cheardchumainn nó ó chomhlacht nó ó chomhlachtaí cosúil leo, (atá iad féin nó le chéile ina n-ionadaithe de thromlach na n-oibríthe), chuig an oifigeach iomchuí le haghaidh socruithe fobhoird.

Mar mhalairt, glactar mar iarratas achainí a bheith sinithe ag tromlach na bhfostaithe. I gceachtar den dá chás, déanfar socruithe le haghaidh páirteachas fobhoird.

## SUB-BOARD PARTICIPATION

1. The State enterprises covered by the sub-board participation provisions of the legislation are listed at Parts I to III inclusive of the First Schedule which is set out in Appendix A.

2. The legislation provides for the appointment of an "appropriate officer" in each State enterprise who will have responsibility for procedures relating to the establishment of sub-board participative arrangements. The appropriate officer may be the secretary of the enterprise, or alternatively, the secretary of the enterprise may appoint another person as appropriate officer, providing the latter is acceptable to a majority of employees. In addition, the appropriate officer may authorise any person to carry out the functions of the appropriate officer on his/her behalf.

3. There are two ways by which sub-board participative arrangements may be initiated. One way is by application from a trade union or trade unions or a similar body or bodies which, either singly or collectively, represent a majority of employees to the appropriate officer for sub-board arrangements. Alternatively, a petition signed by a majority of employees will be taken as an application. In either case, arrangements for sub-board participation will be put in train.

## PART II

Enterprises covered by sub-board arrangements

Appropriate Officer (S2 — 1988 Act)

Sub-board participative arrangements (S3 and 4 — 1988 Act)

Sa tsiú eile, tá modhanna ballóide i gceist. Faoi na modhanna sin, bíonn ar an oifigeach iomchuí vótaíocht na bhfostaithe go léir a ghlacadh chun a chinntiú an mbeidh an tromlach i bhfabhar páirteachas fobhoird. Sula gcuirfeadh an bhallóid ar siúl, caithfidh an t-oifigeach iomchuí iarraitas ar pháirteachas fobhoird a fháil a bheidh sínithe ag 15 faoin gcéad ar a laghad de na fostaithe. Má bhíonn tromlach na bhfostaithe i bhfabhar an togra, caithfeadh socruithe a dhéanamh le haghaidh bunú páirteachas fobhoird. Má dhiúltaíonn tromlach na bhfostaithe don togra, ní féidir a thuilleadh vótaíochta a chur ar siúl go ceann ceithre bliana. Tá treoracha san alt seo don oifigeach iomchuí maidir le reachtáil na vótaíochta. Ní féidir son vótaíocht a chur ar siúl chomh fada agus a bhíonn socruithe faoi pháirteachas, a rinneadh faoi Alt 6, i bhfeidhm.

4. Ní bheidh dul thar chinneadh an oifigigh iomchuí agus ní fhéadfar achomharc a dhéanamh ina aghaidh má éiríonn conspóid maidir le teideal chun iarraitais a shíniú, faoi ailt 3 agus 4 d'Acht 1988, teideal chun vótála ag vótaíocht faoi alt 4 agus maidir le soiléire bhri na ceiste ar an bpáipéar ballóide.

5. Tá foráil sa reachtalocht chun comhaontú idir an fiontar Stáit agus a fhostaithe a uilmhú maidir leis na socruithe páirteacha sonracha a bheadh le tabhairt isteach. Ní mór na gnéithe riachtanacha seo a leanas a bheith i ngach comhaontú páirteach:

The other way is by ballot procedures which requires the appropriate officer to take a poll of all employees to determine whether a majority would favour the establishment of sub-board participation. Before holding a ballot, the appropriate officer must be in receipt of an application for sub-board arrangements signed by at least 15 per cent of employees. If a majority of employees are found to favour the proposal, arrangements for the establishment of sub-board participation must be put in train. No further poll may be held for four years should a majority of employees reject the proposal. The section gives the appropriate officer instructions for the conduct of the poll. No poll may take place while arrangements for participation, established under section 6, are in operation.

4. The decision of the appropriate officer shall be final and unappealable in the event of a dispute arising concerning eligibility to sign applications under sections 3 and 4 of the 1988 Act, eligibility to vote at a poll under section 4 and the clarity of meaning of the question on the ballot paper.

5. The legislation provides for the drawing up of an agreement between the State enterprise and its employees concerning the specific sub-board participative arrangements to be introduced. Each participative agreement must include the following essential features:

Cinntí ag an Oifigeach Iomchuí (Alt 5 — Acht 1988)

Comhaontú idir na páirtithe maidir le socruithe fobhoird (Alt 6 — Acht 1988)

Decisions by the Appropriate Officer (S6 — 1988 Act)

Agreement between the parties on sub-board arrangements (S6 — 1988 Act)

Tuarascáil  
Bhlíantúil  
comhlachta  
sonraithe  
(Ail 7 — Acht 1988)

Costas socrúithe  
fobhoird  
(Ail 8 — Acht 1988)

—malartú rialta tuairimí agus eolais idir an bhainistíocht agus na fostaithe maidir leis na hábhair atá sonraithe sa chomhaontú;

—eolas á thabhairt in am trátha ag an mbainistíocht d'fhostaithe maidir le cinntí áirithe ar baolach feidhm shuntasach a bheith acu ar leas na bhfostaithe;

—eolas agus tuairimí, faoi na socrúithe páirt-eacha, a thabhairt do gach fostal.

D'fhéadfadh cibé gnéithe eile a chinntfeadh an bhainistíocht agus fostaithe eatarthu féin a bheith sna comhaontuithe freisin.

Is féidir faoin ailt seo, leis, an comhaontú páirteach a athbhreithniú, a leasú nó ceann eile a chur ina áit nó deireadh a chur leis an gcomhaontú páirteach.

6. Faoin reachtaíocht, caithfidh gach fiontar Stáit atá luaite sa Chéad Sceideal (féach Aquisin A) tuairisc a thabhairt ina Thuarascáil Bhlíantúil ar céard a rinneadh i rith na bliana chun socrúithe páirteacha fobhoird a thabhairt isteach agus ar aon chomhaontú páirteach a rinneadh sa tréimhse chéanna. Beidh feidhm ag an Ail ó 1 Eanáir, 1989.

7. Beidh an fiontar Stáit féin freagrach as na caiteachais a bhainfidh le bunú agus cothabháil a shocrúithe páirteacha fobhoird.

—a regular exchange of views and information between management and employees concerning matters which are specified in the agreement;

—the giving in good time by management to employees of information about certain decisions which are liable to have a significant effect on employees' interests;

—dissemination to all employees of information and views arising from the participative arrangements.

Agreements may contain, in addition, such other features as management and employees may decide between them.

The section also allows for review, amendment and replacement of the participative agreement and for winding up of the participative agreement.

6. The legislation requires each State enterprise listed in the First Schedule (see Appendix A) to describe in its Annual Report any action taken during the year to introduce sub-board participative arrangements and any participative agreement made during the year. The section is operative from 1st January, 1989.

7. Expenses incurred by a State enterprise in establishing and maintaining sub-board participative arrangements shall be borne by the enterprise itself.

Annual Report of  
specified body  
(57 — 1988 Act)

Cost of sub-board  
arrangements  
(58 — 1988 Act)

### CUID III

Fiontar a bhfuil baint acu le páirteachas ag leibhéal boird — (An Chéad Sceideal Cuid I agus II — Acht 1977)

Ceartha vótaile (Ait 10 — Acht 1977  
Ait 13 — Acht 1988)

Listá na gceannairmí (Ait 9 agus 10 — Acht 1977)

Listá na gceannairmí ar an mbord d'ionadaithe na bhfostaithe — (Ait 21 — Acht 1988)

### PAIRTEACHAS AG LEIBHÉAL BOIRD

1. Tá na fiontar Stáit, a bhfuil baint acu leis na forálacha do stiúrthóir-oibrí sa reacht-atocht, luaite i gCuid I agus i gCuid II den Chéad Sceideal de na hAchtanna, atá léirithe in Aguisín A. Tionófar toghcháin sna comhlachtaí gach ceithre bliana.

2. Tig le fostaí, a bhfuil 18 mbliana nó níos mó slánaithe aige agus a bhí fostaithe san fhiontar ar feadh 18 n-uair nó níos mó sa tseachtain i rith tréimhse leanúnach nach lú ná bliain, vóta a chaitheamh i dtoghchán. Braith-eann teideal chun vótála ar an stádas ar an "lá luaite" a shocraíonn an ceann comhairimh i ngach toghchán.

3. Ní mór ainm gach fostaí, a bhfuil teideal aige vóta a chaitheamh i dtoghcháin, a iontráil i listá singil toghthóirí, arna ullmhú agus arna chothabháil ag an gceann comhairimh. Faoi réir coinníollacha áirithe, tig le fostaithe de chuid an chomhlachta ainmniú an listá a iniúchadh. Sa tsí seo, féadfar aon earráidí nó easnamh a tharla, a thabhairt faoi deara agus a cheartú sula ndéanfar an vótaíocht.

4. Tá trian d'áiteanna iomlána ar an mbord curtha in áirithe d'ionadaithe tofa fostaithe i gcás fiontar atá luaite i gCuid I den Dara Sceideal (féach Aguisín B). Is féidir an líon ionadaithe oibrithe ar bhord fiontar, atá luaite i

### BOARD LEVEL PARTICIPATION

1. The State enterprises covered by the worker director provisions of the legislation are listed at Part I and Part II of the First Schedule to the Acts which is set out in Appendix A. Elections in the bodies are held every four years.

2. Any employee who is 18 years of age or over and has been employed in the enterprise for 18 hours a week or more over a continuous period of not less than one year, may vote at an election. Eligibility to vote is determined by reference to the position on the "stated day" which is fixed at each election by the returning officer.

3. The name of every employee entitled to vote at elections must be entered on a single list of electors, which is prepared and maintained by the returning officer. Subject to certain conditions, employees in the designated body may inspect the list. This should enable any errors or omissions which may occur to be detected and rectified before polling takes place.

4. One third of all board seats are set aside for elected worker representatives in the case of enterprises listed at Part I of the Second Schedule (see Appendix B). The number of elected worker representatives on the board

### PART III

Enterprises covered for board level participation (First Schedule Parts I and II — 1977 Act)

Voting rights (S10 — 1977 Act  
S13 — 1988 Act)

List of electors (S9 and 10 — 1977 Act)

Number of board places for worker representatives (S21 — 1988 Act)

Teideal chun seasamh mar iarrthóir (Ait 11 — Acht 1977)

An chaoi le harrthóirí a ainmniú (Ait 11 — Acht 1977)

gCuid II den Dara Sceideal, a athrú le hordú, faoi bhun an tsocruithe aon-triain, ar choinníoll nach lú ná a dó an líon atá socraithe.

5. Chun bheith i dteideal bheith molta mar iarrthóir, ní mór d'fhostaí dhá choinníoll a chomhlíonadh. Ar an gcéad dul síos, ní mór dó/dí ar an "lá luaite" (a bheidh socraithe ag an gceann comhairimh), gan bheith níos óige ná 18 mbliana d'aois ná níos sine ná 65 bliain d'aois. Ansin caithfidh an fostaí a bheith fostaíthe ag an gcomhlacht ainmnithe atá i gceist ar feadh tréimhse leanúnach nach lú ná trí bliana.

6. Tig le "comhlacht cáilithe" iarrthóirí a ainmniú. Chun críche na reachtaíochta is comhlacht cáilithe aon cheardchumann nó comhlacht eile daoine, a bhfuil an ceann comhairimh sásta, ar an lá ainmniúcháin, go bhfuil siad aitheanta ag an gcomhlacht ceaptha atá i gceist, chun críche comhchaibidli.

Caithfidh ainmniúcháin iarrthóra a bheith i scríbhinn ar an bhfoirm fhorordaithe agus a bheith faighte ag an gceann comhairimh laistigh den tréimhse atá ceaptha ar an "lá ainmniúcháin" (a shocraíonn an ceann comhairimh).

Tig le "comhlacht cáilithe" iarrthóir amháin nó níos mó a mholadh in ainm an chomhlachta féin. Mar mhalairt, tig le dhá chomhlacht cáilithe nó níos mó iarrthóir amháin nó níos mó

of an enterprise listed at Part II of the Second Schedule may be varied by order below the one-third arrangement, providing the number fixed is not less than two.

5. To be eligible for proposal as a candidate, an employee must fulfil two conditions; first, on the "stated day" (which will have been fixed by the returning officer) he must be not less than 18 or more than 65 years of age; and secondly, he must have been employed in a whole-time capacity by the designated body concerned for a continuous period of not less than three years.

6. Candidates may be nominated by a "qualified body". For the purpose of the legislation a qualified body is any trade union or other body of persons which the returning officer is satisfied that on nomination day, is recognised for collective bargaining purposes by the designated body concerned.

The nomination of a candidate must be made in writing on the prescribed form and must be received by the returning officer within the stipulated period on "nomination day" (which is fixed by the returning officer).

A qualified body may propose a candidate, or a number of candidates, in its own name. Alternatively, two or more qualified bodies may collectively propose a candidate or a

Eligibility to stand as a candidate (S11 — 1977 Act)

How candidates may be nominated (S11 — 1977 Act)

An Lá  
Ainmniúcháin  
(Ait 10 — Acht  
1988)

Faillt i socrú La  
Ainmniúcháin  
(Ait 10 — Acht  
1988)

Socrúithe vótála  
(Ait 9 agus 12 —  
Acht 1977  
Ait 17 — Acht  
1988)

a chómholadh. Ní féidir an dá rogha a dhéanamh — is féidir duine díobh a thoghadh ach gan an bheirt le chéile. Beidh ainmneacha na n-iarrthóirí agus ainmneacha na gcomhlachtaí cáilithe a mhol iad luaite ar an bpáipéar ballóide i dtoghcháin.

Tig le comhlacht cáilithe, nach mian leis iarrthóir a ainmniú, tacú le hiarrthóir atá ainmnithe ag comhlacht cáilithe eile, má aontaíonn an comhlacht eile leis. Déanfar tagairt don tacú sin ar an bpáipéar ballóide.

7. Tá an ceann comhairimh freagrach as an lá ainmniúcháin a shocrú i mbliain toghcháin i rith na tréimhse dhá mhí dhéag dar críoch 15 Meán Fómhair sa bhliain sin.

8. Mura socráíonn an ceann comhairimh lá ainmniúcháin i rith an dá mhí dhéag dar críoch 15 Meán Fómhair sa bhliain toghcháin, tig le haon fhostaí de chuid an fhiontair atá i gceist a iarraidh ar an Aire Saothair féachaint chuige go socrófar a leithéid de lá. Mura ndéanann an ceann comhairimh an lá ainmniúcháin a shocrú laistigh de 14 lá tar éis iarraitas a fháil ón Aire, tig leis an Aire féin tri rialachán, an lá ainmniúcháin a shocrú sa bhliain toghcháin sin.

9. I gcás líon na n-iarrthóirí a bheith, ar an lá ainmniúcháin, níos mó ná an líon áiteanna atá le líonadh, caithfidh an ceann comhairimh vótaíocht a ghlacadh. Ní mór vótáil ina leithéid

number of candidates. These options are mutually exclusive — one or other of them may be chosen, but not both. The ballot paper at elections will give the names of candidates and the names of the qualified bodies which proposed them.

A qualified body which opts not to nominate a candidate may support a candidate nominated by another qualified body, subject to the agreement of the latter. Such support will be indicated on the ballot paper.

7. It is the responsibility of the returning officer to fix the nomination day in an election year during the twelve month period ending on 15th September of that year.

8. If the returning officer does not set a nomination day during the twelve months ending on 15th September in the election year, any employee of the enterprise concerned may ask the Minister for Labour to arrange for the setting of such a day. If the returning officer fails to set the nomination day within 14 days of a request by the Minister, the Minister may himself, by regulation, set the nomination day in that election year.

9. Where the number of candidates on the nomination day exceeds the number of seats to be filled, a poll must be taken by the returning officer. Voting in such poll must take place

The Nomination  
Day  
(S10 — 1988 Act)

Failure to set  
Nomination Day  
(S10 — 1988 Act)

Voting  
arrangements  
(S9 and 12 — 1977  
Act  
S17 — 1988 Act)

de vótaíocht a bheith de réir mhodh na ballóide rúnda agus na hionadaíochta cionúire.

Is féidir go gceadódh an ceann comhairimh go mbeadh vótáil le déanamh go pearsanta amháin ar "lá vótaíochta" sonraithe nó tríd an bpost i rith "tréimhse vótaíochta" shonraithe (nach mó ná triocha lá). Áiríonn an tréimhse lá amháin inar féidir vótáil a dhéanamh go pearsanta. Má ghlactar le "lá vótála", caithfidh gach fostaí ar mian leo vótáil a bheith i láthair go pearsanta. I gcás na "tréimhse vótaíochta", is féidir cead a thabhairt do roinnt fostaíthe vótáil tríd an bpost agus do roinnt eile vótáil go pearsanta ar lá ceaptha i rith na tréimhse. Is faoin gceann comhairimh atá sé rogha a dhéanamh idir an "lá vótaíochta" nó an "tréimhse vótaíochta".

10. I gcás go bhfuil líon na n-iarrthóirí atá molta díreach cothrom le líon na n-áiteanna atá le líonadh nó i gcás líon na n-iarrthóirí atá molta a bheith níos lú ná líon na n-áiteanna atá le líonadh dearbhóidh an ceann comhairimh go bhfuil na h-iarrthóirí sin tofa. Níl gá le vótaíocht sna cúinsí sin. Ar ndóigh, mura n-ainmnítear aon iarrthóirí níl aon vótaíocht i gceist.

11. Tig le comhlacht cáilithe amháin nó níos mó, ina n-ainm nó le chéile, atá ina n-ionadaithe do nach lú ná 15 faoin gcéad de fhostaithe a bhfuil teideal chun vótála acu, a iarraidh i scríbhinn ar an gceann comhairimh gan dul ar aghaidh leis an dtoghchán. Sa chás seo,

by secret ballot and according to the principle of proportional representation.

The returning officer may allow votes to be cast either in person only on a specified "polling day" or by post during a specified "polling period" (not exceeding thirty days) which must include one day on which votes may be cast in person. Where a "polling day" is adopted, personal attendance is required in the case of all employees wishing to vote. In the case of the "polling period", some employees may be allowed to vote by post and others may vote in person on a stipulated day during the period. The choice about whether to adopt a "polling day" or a "polling period" rests with the returning officer.

10. Where the number of candidates proposed corresponds exactly to the number of seats to be filled or where less candidates are proposed than there are seats to be filled, such a candidate will be declared to have been elected by the returning officer. No voting is necessary in these circumstances. If no candidates are nominated, the election lapses.

11. One or more qualified bodies, which individually or collectively represent not less than 15 per cent of employees entitled to vote, may request the returning officer in writing not to proceed with the election. In this event, the returning officer arranges to hold a "pre-

Gan gá le vótáil i gcúinsí áirithe.  
(Ail 12 — Acht 1977)

Iarratas ar Réamh-vótaíocht  
(Ail 13 — Acht 1977  
Ail 18 — Acht 1988)

Voting not necessary in certain circumstances  
(S12 — 1977 Act)

Request for Preliminary Poll  
(S13 — 1977 Act  
S18 — 1988 Act)

Rialacháin maidir le toghcháin.  
(Ailt 9 — Acht 1977)

Ceapacháin chun an bhoird, téarmaí oifige, etc.  
(Ailt 15, 16, 17 agus 18 — Acht 1977  
Ailt 12 agus 19 — Acht 1988)

socráíonn an ceann comhairimh “réamhvótáíocht” — ina bhféadfadh gach fostaí atá ar liosta na dtoghthóirí vótáil. Má dhiúltaíonn an tromlach, a vótáil sa vótáíocht, don toghchán, ní bheidh aon vótáíocht eile ann go ceann ceithre bliana. Seachas sin ceadaítear dul ar aghaidh léi. Caithfean an t-iaratas chuig an gceann comhairimh a dhéanamh laistigh de sheacht lá ón “lá luaite”.

